# Scéal, Scéal, Scéal…

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

23 Samhain 2023 || Eagrán 174

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*




**Scaip an scéal!**

# CRUINNIÚ CINN BHLIANA FHÓRAM CHOIS FHARRAIGE UM PLEANÁIL TEANGA CTR

Reáchtáileadh Cruinniú Cinn Bhliana Fhóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR le gairid. Thug Máire Ní Neachtain, Cathaoirleach an Fhóraim, tuairisc ar bhliain ghnóthach, ghníomhach, bliain inar léirigh torthaí an Daonáirimh go raibh ardú sa limistéir ar líon na gCainteoirí Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais. Comhthoghadh Maitiú de Hál as na Forbacha agus Brian Terry Mac Donnchadha as Ros an Mhíl mar stiúrthóirí i rith na bliana agus tugadh faomhadh don chomhthogadh sin. Atoghadh Tomás Ó Neachtain as Baile na hAbhann agus Máire Ní Neachtain as an Spidéal mar stiúrthóirí freisin. Fáiltíodh roimh an ardú 20% ar an allúntas bliantúil a fógraíodh de thoradh an bhuiséid le gairid. Cuireadh fáilte ar leith roimh an athghrádú ar phost an Oifigigh Cúnta Pleanála Teanga. Glacadh buíochas le hAoife Ní Chonghaile a chaith trí bliana ina hOifigeach Cúnta Pleanála Teanga i gCois Fharraige agus fáiltíodh roimh Shaoirse Holic atá sa ról sin anois. B’údar iontais agus mórtais do chomhaltaí a bhí i láthair éagsúlacht agus líon na n-imeachtaí agus na dtograí a bhíonn á riaradh ag an bhFóram agus moladh deiseanna a thapú leis an scéal a scaipeadh agus treisiú ar fhaisnéis faoi thacaíochtaí an Fhóraim a chur ar fáil ar ardáin agus ag imeachtaí éagsúla. Tráchtadh go sonrach ar an togra Scéalta na gComharsan le hÁras Chois Fharraige agus Tearmann Éanna, ar an gcampa drámaíochta Ruaille Buaille agus ar Fhéile Chois Fharraige mar bhuaic phointí i rith na bliana.

Tairngníodh aird ar an bhféilire atá ar shuíomh idirlín an Fhóraim maidir le himeachtaí i gCois Fharraige agus nach bhfuil le déanamh ag aon eagraí imeachta ach scéala a sheoladh chuig na hOifigigh agus cuirfear an imeacht ar an bhféilire láithreach. Aontaíodh gurb í an ghéarchéim i gcúrsaí tithíochta agus na dúshláin sa gcóras pleanála áitiúla an chonstaic is mó i gcothú phobal teanga Chois Fharraige faoi láthair agus nach bhfuil de rogha ag óige an cheantair, daoine a bhfuil an Ghaeilge ar a dtoil acu, ach an ceantar a thréigean cheal tithíochta, in ainneoin postanna ar ardchaighdeán a bheith ar fáil san áit agus an-fhonn a bheith ar dhaoine cur fúthu go buan ina gceantar dúchais. Tá dochar mhór á dhéanamh aige do leanúnachas teanga agus do sheachadadh na Gaeilge ó ghlúin go glúin.



# LITIR CHUIG SANTAÍ

Tá Tuimsitheoirí na Gaeltachta ag tabhairt cúnaimh do Dhaidí na Nollag arís i mbliana - ar ndóigh, tá sé thar a bheith gnóthach ag an am seo den bhliain! Baileoidh Tuismitheoirí na Gaeltachta litreacha ó ghasúir na Gaeltachta ar fad le chéile le cinntiú go mbaineann siad a gceannscríbe amach - An Pol Thuaidh, le go mbeidh sé in ann iad a fhreagairt. Ní gá ach do litir a sheoladh chuig f/c Tuismitheoirí na Gaeltachta, An Cheathrú Rua, Co na Gaillimhe. Ná déan dearmad ainm agus seoladh an ghasúir a scríobh ar an litir freisin nó beidh mearbhall ar an bhFear Mór! Moltar na litreacha a bheith seolta roimh an gCéadaoin 6 Nollaig.

# RANGANNA ACLAÍOCHTA

Chuir Christine Cox tús le sraith nua de ranganna aclaíochta le gairid. Bíonn ranganna ‘bootcamp’ ar siúl ar an Luan @ 7i.n. sula dtosaíonn ranganna pilates @ 8i.n. i Halla na Tulaigh. Ar an Déardaoin, tá cleachtadh cuarda ar siúl @ 7i.n. roimh ranganna pilates @ 8i.n. i Halla Scoil Éinne. Mairfidh chuile shraith cúig seachtaine. Le níos mó eolais a fháil, is féidir teagmháil a dhéanamh le Christine ag 087 121 0277

# CLUB LEABHAR CHOIS FHARRAIGE

Rachaidh Club Leabhar Cois Fharraige ar turas go Baile Locha Riach le castáil le CLEAS - Club Leabhar Bhaile Locha Riach ar an 7 Nollaig ag 7.30, Tigh Morrissey. Beidh Tráth na gCeist liteartha ann chomh maith le plé ar an leabhar *Kíor Thuathail* le Jean Claude Izzo (Leabhar Breac).
Ní gá ach teangmháil a dhéanamh leis an gclub ag: clubleabharcf@gmail.com le clárú don ócáid.



# MARGADH NA NOLLAG

Tá Comharchumann Sailearna ag eagrú Margadh na Nollag ar an Domhnach 10 Nollaig i Seanscoil Sailearna. Faoi láthair tá an Comharchumann ag glacadh le hiarratais ó cheardaithe agus trádálaithe ar mhaith leo a bheith páirteach sa mhargadh, áit a bheas deis acu a gcuid earraí a dhíol. Tá foirmeacha iarratais le fáil ach ríomhphost a sheoladh chuig sailerna@gmail.com, nó is féidir glaoch a chur ar 091 399199 nó
089 4169602.

# SÉASÚR NUA @ CUMANN GAILF CHOIS FHARRAIGE

Tá Cumann Gailf Chois Fharraige ag cur tús le séasúr nua. Le linn an shéasúir, imreofar naoi gcómortas ar chursaí gailf éagsúla, idir Contae na Gaillimhe agus Contae Mhaigh Eo, idir seo agus mí Iúil 2024. Reáchtálfar an chéad chomórtas eile ar an gcúrsa i mBaile Chonaola, Dé Sathairn, 25 Samhain. Tá míle fáilte roimh bhaill nua sa gcumann. Le clarú le Cumann Gailf Chois Fharraige, is féidir teagmháil a dhéanamh le 086 8065144

# TRÁTH NA gCEIST

Tá tráth na gceist á reáchtáil ag Coiste na dTuismitheoirí ag Scoil Sailearna ar an Déardaoin 7 Nollaig i dTigh Chualáin. Beidh táille de €10 in aghaidh an duine, nó €40 do bhord de cheathrar i gceist. Beidh duaiseanna iontach le buachan ar an oíche. Is féidir ticéid a cheannach ar an oíche. Cuirfear tús le cúrsaí @ 7i.n.

# SANTAÍ AG CLÓ IAR-CHONNACHT

Beidh cuairteoir speisialta ag Cló Iar-Chonnacht ar an Satharn 2 Nollaig! Chomh maith le sin, beidh Fearghas Mac Lochlainn i láthair lena phictiúrleabhar nua 'An Crann Cois na Trá' a léamh. Cuirfear tús le cúrsaí @ 12:30 agus mairfidh an ócáid go dtí 3i.n. Fáilte roimh chách!




# GIG DO GAZA




Tá ceolchoirm á reáchtáil i Stiúideo Cuan ar an gCéadaoin 29 Samhain @ 7:30i.n. ar mhaithe le muintir Gaza. Beidh ceol den scoth le cloisteáil ó Cholm Mac Con Iomaire, Johnny Óg Connolly, Pádraig Ó Dubhghaill, Cliodhna Costelloe le Becky Ní Éallaithe, Noel Hill & Jack Talty, Treasa Ní Cheannabháin, Colm Jimmy Ó Curraoin, Na Rógairí agus Ceoltóirí Óga Chois Fharraige. Beidh Rania Muhareb agus Amanie Issa, aoichainteoirí ón bPalaistín i láthair ar an oíche freisin. Tá costas €30 ar thicéad le freastal ar an imeacht nó €15 ar thicéad le breathnú ar an mbeoshruthú. Is féidir níos mó eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le cairdenapalaistine@gmail.com



# COIS CAOLÁIRE
# SIÚLÓID COIS CÓSTA

Fógraíodh le gairid go bhfuil maoiniú ceadaithe de raon tograí Gaetlachta do áiseanna caithimh aimsire amuigh faoin aer. San áireamh sna tograí a ceadaíodh an maoiniú ina leith tá Forbairt Chois Caoláire, siúlóid cois cóta sa Spidéal. Is comhthogra de chuid Údarás na Gaeltachta agus Comhlacht Forbartha an Spidéil é seo. Ag caint faoin togra, dúirt Rónán Mac Con Iomaire, Stiúrthóir Forbartha Pobail, Réigiúnaí agus Pleanála Teanga go ndéanann "Údarás na Gaeltachta comhghairdeachas leis na heagraíochtaí a bhíonn ag obair i gcomphháirt (linn) chun tograí den tsaghas seo a fhorbairt, tograí atá chun leasa an phobail áitiúil agus turasóirí araon." 'Sí Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphreys a d'fhógair an deascéala, ar son na Roinne.

# FÉILE OIREACHTAIS 1983-2023

Cuirfear tús le Féile Oireachtais 1983-2023 anocht, Déardaoin 23 Samhain agus mairfidh an ceiliúradh go dtí an Domhnach 26. Cuireadh tús leis an ócáid le craoladh beo d'Iris Aniar ó Scoil Chuimsitheach Chiaráin ar maidin. Tá an cheolchoirm 'Laochra an tSean-Nóis' ar siúl i Shéipéal Mhic Dara @ 7i.n., á chur i láthair ag Máirtín Tom Sheáinín. Cuirfear tús le sraith nua seisiúin plé ar shaibhreas teanga ar an Satharn @ 11 i Leabharlann na Ceathrún Rua. Máire Feiritéar agus Áine Ní Chonghaile a bheas i mbun cainte. Beidh neart ceoil le cloisteáil ar an Satharn agus an Domhnach chomh maith agus cuirfear críoch bhríomhar leis an bhFéile ar an Domhnach sa gCistin le Taispeántas Damhsa ar an Sean-Nós @ 6i.n. Is féidir breis eolais a fháil ó pobalrua@gmail.com nó 087 256 3317


# BÁNÚ

Feachtas le dul i ngleic leis an bhfadhb tithíochta sa nGaeltacht

## Cruinniú Poiblí

**leis an aoi-chainteoir:**

**Breanndán Ó Beaglaíoch**



**Dé Domhnaigh 26ú Mí na Samhna**

**6.00i.n.**

**ATHRÚ IONAID!!**

**ITT (thuas staighre)**

**NÍ NEART GO CUR LE CHÉILE**

# DUAIS EALAÍNE BRONNTA AR DHALTA CHOLÁISTE CHOLMCILLE

Comhghairdeachas ó chroí le Mailí de Chléir, Coláiste Cholmcille, ar a bronnadh duais Thomas F. Meagher Foundation, i dTeach Laighean le gairid, don phíosa ealaíne den scoth a chum sí, atá le feiceáil anseo. Maith thú, a Mhailí!






# COLÁISTE CHROÍ MHUIRE AG GUTH NA hÉIGSE

Comhghairdeachas le Róise Ní Scanláin, Clíodhna Ní Neachtain, Ríona Ní Aodha agus Aoibhe Ní Chúláin ar éirigh leo áit a bhaint amach i mbabhta craoibhe an chomórtais aithrise filíochta Guth na hÉigse, de chuid Éigse Éireann i gcomhar le IMRAM. Ba chúis bróid agus ardú croí don scoil na guthanna óige Gaeltachta seo a chloisteáil ar stáiste na hamharclainne.

# SEISIÚN AMHRÁNAÍOCHTA NA bhFORBACHA

Beidh seisiún amhránaíochta ar siúl i dTigh Phádraigín ar an Domhnach 26 Samhain. Cuirfear tús le cúrsaí @ 7:30i.n. Fáile roimh chách!